

Togha na hÉigse 1700–1800. 7. *Tarla gné
dhaoldatha d'fhoiligh gach rian* (Séamas Mac
Coitir)



Pádraig A. Breatnach

Celtica 30 (2018), 38–55

DOI: 10.58480/SCS-8e3hw-mqwk5

DIAS

Institiúid Ard-Léinn | Dublin Institute for
Bhaile Átha Cliath | Advanced Studies



© School of Celtic Studies, Dublin Institute for Advanced Studies.

This work is licensed under CC BY-NC 4.0. To view a copy of this
license, visit <https://creativecommons.org/licenses/by-nc/4.0/>

TOGHA NA hÉIGSE 1700–1800*

7. Tarla gné dhaoldatha d'fhoiligh gach rian (SÉAMAS MAC COITIR)

MARBHNA í seo ar Thadhg (mac Conchubhair) Ó Briain ó Choill na Curra (*Kilcor*, 4 km. soir ó dheas ó Chaisleán Ó Liatháin, Co. Chorcaí)¹ a ‘d’éag le bolgach’ sa bhliain 1731. Cara don léann ab ea Conchubhar Ó Briain, an t-athair, a bhfuil beagán faisnéise i gcló cheana air in *Éigse* 22 (1987), mar a bhfuil eagar curtha ar phéire dánta a cumadh cúig bliana níos déanaí ná an dán láithreach ag fáiltiú roimh leanbh mic eile a saolaíodh dó, Donnchadh (1736).² I gceann den dá ‘dhuain leanbaíochta’ sin, dar tosach *Fáilte is fiche do chuirim le díograis* (11 vv.) (an tAthair Seán Ó Briain a chum), tá Conchubhar curtha i gcosúlacht le Isaac a bhí naoi mbliana déag is daichead nuair a saolaíodh an dara mac dó, Iacob (v. 3) (*Gen.* xxv 25).³ Tá méar eolais sa mhéid sin go raibh Conchubhar fágtha gan oidhre mic tar éis bháis Thaidhg i 1731, agus gurb in é ba réasún leis na fáiltí móra a chur roimh Dhonnchadh nuair a rugadh é.⁴

Is é file atá luaite le marbhna Thaidhg ná Séamas Mac Coitir. An t-ainm údair céanna atá os cionn na duaine eile den phéire úd ón mbliain 1736, tos. *Fáilte óm chroí le báb na mílse / ar dtrácht a díograis dáilmhéine* (11 vv.).⁵ Ach ní gá go gciallódh an t-ionannas idir ainm is sloinne gurbh aon fhear amháin ab údar leo. I scríbhinní a foilsíodh roimhe seo ag tagairt don gCoitireach tá sé mínithe go raibh beirt fhile ann a raibh Séamas Mac Coitir orthu san 18ú haois, athair agus mac, ach nach i gcónaí is féidir saothar duine acu a aithint ó shaothar an duine eile.⁶ I gCurrach Diarmada, 1 km. laistias

*Tá liosta d’fhoilseacháin eile sa tsraith seo luaite in Pádraig A. Breatnach, ‘Togha na hÉigse 1700–1800, 6. *Mo léansa an galar so shearg mé i sírghéibheann* (Séamas Beag Mac Coitir)’, *Celtica* 26 (2010), 1–22 (1 n. *).

¹Cloím leis an litriú a chleachtann na scríobhaithe ar an logainm go rialta (*Coill na Curra*), seachas leis an bhfoirm atá ag Risteárd Ó Foghludha, *Cois na Cora .i. Liam Ruadh Mac Coitir agus a Shaothar Fileata* (Baile Átha Cliath, 1937), 1 (tagairt do ‘abhainn na Cora’) agus atá aitheanta in Pádraig Ó Riain, Kevin Murray agus Emma Nic Cárthaigh (eag.), *Historical Dictionary of Gaelic Placenames: Foclóir Stairiúil Áitainmneacha na Gaeilge*, Fasc. 6: *Cóbh–Cutloch* (Irish Text Society, 2016), 13–14.

²Pádraig A. Breatnach, ‘Dhá dhuain leanbaíochta’, *Éigse* 22 (1987), 111–23, ar lch 111.

³Breatnach, ‘Dhá dhuain’, 119.

⁴Breatnach, ‘Dhá dhuain’, 111.

⁵Breatnach, ‘Dhá dhuain’, 113.

⁶Cf. Breatnach, ‘Dhá dhuain’, 112; do thrácht níos mine ar an bhfianaise, feic Breatnach, ‘*Mo léansa an galar so*’, 1–3. Tá liosta d’fhoilseacháin ina bpléitear cérbh iad Séamas Mac Coitir *père* agus *fiis* ibid., 1 n.1 (anuas go dtí 2010). Pléadh an cheist arís ó shin in alt le Breandán Ó Conchúir, ‘Véarsaí ó oirthear Chorcaí ar an ngorta a lean sioc mór an gheimhridh 1739–40’, in John Carey, Kevin Murray agus Cairíona Ó Dochartaigh (eag.), *Sacred Histories: A Festschrift for Máire Herbert* (Dublin, 2015), 301–10 (301–3), ach níl tagairt déanta san alt sin don eagrán de *Mo léansa an galar so* (2010) agus tá torthaí an taighde ann fágtha as an áireamh.

de Choill na Curra (thuas), a bhí cónaí orthu.⁷ Deartháir don fhile Uilliam Ruadh Mac Coitir (1675–1738) ab ea an sinsear,⁸ agus b'é Uilliam uncail an fhir eile — mar atá curtha in úil aige sin sa mharbhna ghairid ar Uilliam dar tosach *Mo ghearán glacaidh is measaidh ar méad mo liach* (4 v.) a thagraíonn do 'd[h]reatháir m'athar'.⁹ Luaitear Séamas 'Beag' Mac Coitir ar uairibh i bhfoinsí traidisiúnta, agus is dá dheasca sin a thosnaigh scoláirí san aois seo caite ar Séamas 'Mór' a ghlaoch ar an athair; ach faid m'eolais níl aon údarás traidisiúnta laistiar den sonrú deireanach sin.¹⁰ Mar an gcéanna, glacadh i gcónaí leis roimhe seo gur bhain an t-ainm Séamas 'Beag' leis an mac seachas leis an athair.¹¹ Ach b'fhéidir go mba mhithid gan deimhin a dhéanamh den tuairim sin sula ndéanfar scrúdú iomlán ar sheachadaíocht na ndánta uile atá luaite leo (tá beagnach scór i gceist), ar a mianach liteartha (idir fhoirm agus stílíocht) ina gceann is ina gceann a d'fhéadfadh treoir a thabhairt chun scagadh eatarthu ón dtaobh sin de, agus ar na foinsí éagsúla eile a thugann eolas ar a lucht aitheantais. Is í an mharbhna ar Uilliam Ruadh an t-aon fhoinsé amháin ina bhfuil dearbhú inmheánach tugtha gur déantús leis an sóisear é seachas leis an sinsear,¹² agus tá dáta na marbhna sin mar chomhartha dhúinn go bhféadfadh go raibh fear a cumtha gníomhach tamall sular cailleadh a uncail.

Is é an dán atá in eagar thíos an saothar is sine atá luaite le Séamas Mac Coitir dá bhfuil dáta curtha leis (1731). Tá a fhocal féin againn air sa dán 'nach ránga féin aosta ná foilcithe i sians' (l. 42); nóta pearsanta é sin a bhfuil a leithéid cosúil leis le fáil i dhá dhán eile a bhfuil ainm Shéamais Mhic Coitir

⁷RIA Cat., 19 (ad 23 L 17 (3)); cf. Breatnach, 'Dhá dhuain', 112; Ó Foghludha, *Cois na Cora*, 9; Breandán Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí 1700–1850* (Baile Átha Cliath, 1982), 24.

⁸Cailleadh Uilliam Ruadh in aois a 63 ar an 12 Iúil, 1738 (Liam Ó Buachalla, Richard Henchion, 'Gravestones of historical interest at Britway, Co. Cork', *JCHAS* 68 (1963), 102–3 (102); cf. Breatnach, 'Mo léansa an galar so', 2.

⁹RIA MS A iv 2 (27), 73b, Maigh Nuad M 7, 5 (l. 5, 'Dreatháir m'athar do chailleas is é mo phian'); i gcló ag Ó Foghludha, *Cois na Cora*, 75 (uimh. 27). 'Séamas Mac Coitir' atá luaite mar údar leis an marbhna sna foinsí (*pace* Ó Foghludha, *ibid.*), cf. Breatnach, 'Mo léan-sa an galar so', 1–2.

¹⁰Cf. Breatnach, 'Mo léansa an galar so', 1 n. 2. An t-aon uair atá 'mór' le fáil i bhfochair an ainm i bhfoinsé thraidisiúnta chomh fada lem eolas is i riocht imeartais é. Tá an nóta seo a leanas mar cheannscríbhinn le dán deibhí *Ionnghain liom saothar na suadh* a cumadh mar fhreagra ar dhán leis an gCoitireach san mheadarach chéanna, tos. *Bímse suirgheach le saothibh* (an péire curtha in eagar ag Breandán Ó Conchúir, 'Comhfhreagras sa deibhidhe ón mbliain 1762', in Máirtín Ó Briain agus Pádraig Ó Héalaí (eag.), *Téada Dúchais: Aistí in Ómós don Ollamh Breandán Ó Madagáin* (Indreabhán, 2002), 273–94): 'Conchubhar Ó Dála cct. dá charaid rothairise Seamus mor Mac Coitir gidh gairmthear beag an treas la d'Feabhra 1762' (cf. Breatnach, 'Mo léan-sa an galar so', 3 n. 8). Tá an cheannscríbhinn luaite ag an bhfear eagair (Ó Conchúir, 'Comhfhreagras sa deibhidhe', 285) a bheith san fhoirm seo i dtrí lámhscríbhinn, viz. British Library, Egerton 141 (1773–4), fol. 35b, Maigh Nuad B 3 (b), fol. [36] i (gan dáta), agus RIA MS 23 E 15 (1029), fol. 192 i (1798?), ach níl soiléiriú déanta ar an ngaol eatarthu. Is é brí a bhainim as caint na ceannscríbhinne ná seo: bíodh gur 'Séamas beag' atá (*sic*) mar ainm ó cheart air, i dtuairim an té a dúirt is mó a thuillfeadh Séamas 'mór' a rá leis (ar fheabhas a chuid léinn). Aon uair a bhfuil an t-ainm 'Séamas Mór Mac Coitir' buailte liom is ag tagairt don ridire Séamas (†1705) é (e.g. RIA Cat., 2073 (ad 23 C 21 (672), 205); *Éigse* 25 (1991), 72 (ad 301)).

¹¹Níor cheistíos féin an tuiscint sin roimhe seo ach an oiread le cách, feic Breatnach, 'Mo léan-sa an galar so', 3.

¹²Feic thuas n. 9.

luaite leo (ag admháil a óige agus a easpa oiliúna i gceird an fhile) — *Mo léansa an galar so do shearg mé i sírghéibheann* (a cumadh agus an file in aois a 17 mbliana) agus *Mo ghearán glacaidh is measaidh ar méad mo liach* (luaite thuas; feic na nótaí téacsúla, ll. 41–2).¹³ Ráineodh ón gcomhchosúlacht eatarthu ar an bpointe sin gur de dhéantús an fhir chéanna na trí dhán, dar ndóigh. Ach pé acu ab ea nó nach ea (tá an freagra ar an mámh mór ar gach taobh go fóill), ba fhile maith Gaeilge é fear na marbhna seo a dhéanamh i meadaracht ealaíonta ar modh *acrostic* (túslitreacha na véarsaí ó v. 1 go v. 12 ag litriú an ainm Tadhg Ó Briain).¹⁴

AN MHEADARACHT

(ll. 1–48) (—) | á — é | é — — | i/o — — | ia

Tréithe na príomhaiste: (i) ceithre céimeanna meadarachta in aghaidh gach líne (= cA, cB, cC, cD), na trí céimeanna tosaigh (cA–C) tríshiollach, agus an chéim dheiridh (cD) aontsiollach, do réir phatrúin shiollach-aiceanta ar féidir léiriú air leis an bhfoirmle **3331**; (ii) amas laistigh den líne idir guta fada i ndeireadh cA (atá neamhaiceanta ó thaobh meadarachta) agus an guta buailte le hais leis faoin *ictus* in cB (viz. ‘é: | é’ sa chás seo); (iii) amas ingearach á iompar ó líne go chéile tríd síos ag guta an aicinn mheadarachta in cA, cB, cD faoi seach agus ag guta an amais inmheánaigh i ndeireadh cA; bíonn saormhalartaíocht ar son amais idir na gutaí aiceanta *o/i* in cC; (iv) *anacrusis* (forshiolla roimh aiceann tosaigh na líne) ina lán de na línte (feic nótaí téacsúla ar ll. 1, 5, 13).

Tugann an cineál speisialta d’amas inmheánach (nó comhfhuaim) a bhaineann leis an aiste (tréith (ii) thuas) stádas sainiúil di i dtraidisiún an amhráin liteartha mar fho-aicme i measc aistí a mbíonn ceithre céimeanna iontu. Mar murab ionann leis an ngnáthúsáid ina dtiteann le chéile an tsraith d’amais a chomhlíontar ó líne go líne agus na haicinn mheadarachta agus ina mbíonn dhá cheann de na siollaí marcálta sin ar comhfhuaim laistigh den líne (gan cead ach ag siolla(f) neamhaiceanta teacht eatarthu), i gcás na haiste seo is amhlaidh a thiteann siolla amháin den phéire atá ar comhfhuaim sa líne roimh an dara *ictus*.¹⁵

¹³Séamas ‘beag’ Mac Coitir atá luaite mar údar leis an gcéad dán i lámhscríbhinn amháin, ach SMC *simpliciter* atá air sna lámhscríbhinní eile, cf. Breatnach, ‘*Mo léansa an galar so*’, 1.

¹⁴Marbhnáí eile i bhfoirm *acrostic* is ea iad seo leanas, m. sh.: (1) *Mairg do chuala marbh a tuairisc* (Uilliam Mac Cartáin, ar bhás iníne Chormaic Spáinnigh Mhic Cárthaigh, 1720), in eagar ag P. A. Breatnach, ‘Togha na hÉigse 1700–1800, 4: *Mairg do chuala marbh a tuairisc* (Uilliam Mac Cartáin)’, *Éigse* 31 (1999), 103–20; (2) *Searbh an dáil, a bháis a chréice chrín* (Seán Ó Murchú na Ráithíneach ar bhás Sheáin Chláraig Mhic Dhomhnaill, 1754) in eagar ag Torna, *Seán na Ráithíneach* (Baile Átha Cliath, 1954), uimh. 147; (sampla Laidne) *Franciscum fortem, formosum, Fodla fatetur* (Seán Ó Catháin ar bhás Franciscus Blake, 1722, luaite ag Robin Flower, *Catalogue of Irish Manuscripts in the British Museum [Library]*, II (London, 1926), 574).

¹⁵Maidir le stádas an amais mar elimint a mbíonn feidhm ornáideach aici seachas feidhm struchtúrtha sa véarsaíocht rithimiúil, feic Pádraig A. Breatnach, ‘Múnlaí véarsaíocht rithimiúil na Nua-Ghaeilge’, in Pádraig de Brún, Seán Ó Coileáin agus Pádraig Ó Riain (eag.), *Folia Gadelica: Aistí ó Iardhaltaí leis a Bronnadh ar R. A. Breatnach* (Corcaigh, 1983), 54–71, ar lgh 54–6.

Is gá a rá ar an bpointe, áfach, nach i gcáilíocht mar aonad le *ceithre* céimeanna ba bhéas le scoláirí roimhe seo féachaint ar líne na haiste seo sna solaoídí di a cuireadh in eagar cheana, ach mar aonad le *cúig* céimeanna.¹⁶ Mar sin, do réir na hanailíse a bheadh ag eagarthóirí romham is patrún meadarachta mar seo a leanas a bheadh le cur síos don dán againne:

(—) | á — | é | é — — | i/o — — | ia

Ach tá an léamh difriúil sin ar an meadaracht ag dul amú ar chúiseanna éagsúla mar is féidir a thaispeáint, sílim. Ar dtúis, tá sé ag teacht salach ar bhéimniú nádúrtha na gnáthchainte go mbeadh stádas mar chéim iomlán ag an siolla a sholáthraíonn an chéad eilimint den chomhfhuaime inmheánach (*é*). Mar dá ainneoin go gcuimsíonn an siolla sin focail lán-aiceanta sa téacs ar an mórgóir (ll. 1 *gné*, 2 *ré(idhe)*, 3 *cé*, 4 *éag* etc.), ní léir go bhféadfadh sé bheith ar comhthreise i gcúrsaí urlabhra leis an siolla ar comhfhuaime leis a leanann é. Mar dheimhniú ar an bpointe sin tugtar faoi deara gur ag focail neamhaiceanta atá an chéad chomhfhuaime den phéire á hiompar sa téacs ar uairibh (l. 27 *fén* = fé + an; l. 28 *lé* = le). Cúis níos treise fós chun diúltú don léamh a moladh a dhéanamh roimhe seo, áfach, ná go bhfuil sé ag dul i gcoinnibh rithim rialta na líne véarsaíochta ar féidir deimhniú a aimsiú uirthi ina macasamhail eile sa chóras meadarachta lena mbaineann múnlaí na véarsaíochta rithimiúla Nua-Ghaeilge i gcoitinne leis. I dtrácht níos leithne ar na cúrsaí seo i scríbhinní eile tá mínithe agam go bhfuil príomhaistí an amhráin Nua-Ghaeilge ag freagairt ó thaobh struchtúir de do phrototípeanna rithimiúla ar bhain comhthéacs ceoil leo i dtraidisiúin liteartha eile, agus ar chuaigh scaipeadh orthu ar fud na hEorpa dá dheasca sin i bhfad siar.¹⁷ Is féidir riarú socair a sholáthar don chuid is coitianta d'aicmí na véarsaíochta idirnáisiúnta sin laistigh de roinnt mórchatagóirí a bhunaítear ar líon na n-aiceann meadarachta a bhíonn in aghaidh na líne agus an líon línte sa véarsa faoi seach. Má chuardaítear an múnla cuí d'aiste cheathairchéimeach an dáin *Tarla gné dhaoldatha* sa chóras meadarachta sin gheofar é in aicme aitheanta d'amhráin tuaithe Gaeilge a bhfuil na foinn traidisiúnta a ghabhann leo fós ar marthain agus meadaracht an cheoil iontu ag freagairt do phríomhthréithe na prosóide atá sonraithe san aiste is cás linn (ceithre líne cheathairchéimeacha ag críochnú ar chéim aontsiollach faoi seach). Cuirim síos i mo dhiaidh

¹⁶Deismireachtaí a bhfuil cúig céimeanna curtha síos ag eagarthóirí dóibh is ea iad seo a leanas: (1) 'Mo chrádh an úir iompuighthe ar ghorm do dhearc' (vv. 2–3 den dán dar tos. *Mo chás cumha mo chumhghach mo chogar mo chreach*, eag. Tórna, 'An tAthair Eoghan Ó Caoimh: a bheatha agus a shaothar' in *Gadelica*, i (1912–13), 3, 101, 163, 251 (uimh. 14) (cf. lgh 256–7 n.); (2) *A chara shéimh shéaghain nach ráinig linn* (1 v.), in Máire Ní Cheallacháin (eag.), *Fíliocht Phádraigín Haicéad* (Baile Átha Cliath, 1962), uimh. 26 (lch 109); (3) *Bíodh nár Ghaedheal Éadbhard glan eagnaíde Lhwyd*, in eagar ag Tórna, *Seán na Ráithíneach*, uimh. 165, vv. 1–5 (cf. lch 436); (4) véarsa dar tos. 'A choilm an cheoil bhrónaigh san dúna thall' luaite ag V. S. Blankenhorn, *Irish Song-craft and Metrical Practice since 1600*, Irish Studies, 8 (New York, 2003), 169 ('the most arresting feature . . . is the monosyllabic second foot').

¹⁷Cf. Breatnach, 'Múnlaí véarsaíocht rithimiúil na Nua-Gaeilge'; idem, 'Die Entwicklung und Gestaltung des neuirischen rhythmischen Versmaßes', in Hildegard L. C. Tristram (eag.), *Metrik und Medienwechsel: Metrics and Media* (Tübingen, 1991), 289–300.

anseo gearrchuid deismireachtaí d’amhráin ón gcnuasach *Ceól ár Sínshear* (an tAthair Pádraig Breathnach do chruinnigh [Baile Átha Cliath, 1913]), ina bhfuil na téacsanna ag freagairt i gcúrsaí rithime don mharbhna ealaíonta le Mac Coitir, agus ar féidir na foinn ag gabháil leo a thabhairt in oiriúint don téacs liteartha go nádúrtha, gan barr cleite isteach ná bun cleite amach: *Is aindeis na sgéalta thar tréanmhuir a’ tígheacht*, Fonn ‘Idir Ard-mhór a’s Eóchail’ (Cuid I, 7); *Mar mheath uaim mo chairde bhí grádhmhar fadó*, Fonn ‘Lovely Willy’ (Cuid III, 18); *Is fada dhom ar buaidhreamh a’ cur tuairisg mo ghrádh*, Fonn ‘Réidhcnoc Mná Duibhe’ (Cuid V, 24).¹⁸

Níl aon fhianaise ar fáil, dar ndóigh, gur gabhadh *Tarla gné dhaoldatha* féin ar fhonn ceoil. Ach b’fhéidir nár dhóichí-de rud dó, más iontaobh a ndúirt fínné amháin, Pádraig (mac Diarmada) Ó Cruaioi (†1949), ó Mhúscraí Uí Fhloinn, uair. Bhí Pádraig cleachtaithe ar an gcuid is fearr de thraidisiún an amhráin liteartha a thabhairt leis ó dhúchas a óige sa chéad leath den chéad blian seo caite. ‘D’fhéatainnse,’ a ndúirt siúd, ‘ceol a chuir le haon amhrán i n-aohor, agus dhineas féin ceol do chuid acu.’¹⁹

* * *

Is iomaí amhrán ealaíonta a tháinig slán atá ar comhfhoirm le *Tarla gné dhaoldatha*, cuid díobh níos luaithe ná é agus cuid eile níos déanaí. Gné faoi leith den chineál comhfhuaimne sainiúil atá comhchoiteann iontu, agus nár luadh go dtí anois, is ea gur mar ghutaí fada amháin a réalaitear í sna solaoídí go léir atá scrúdaithe agam ó thús an 17ú haois ar aghaidh (é|é, á|á, í|í, ó|ó, ú|ú, ia|ia, ua|ua, au|au).²⁰ Is minic comhartha á thabhairt ag file sna solaoídí seo, i riocht an ghuta a bhíonn roghnaithe don chomhfhuaim in-mheánach aige, i dtreo déantúis ar comhfhoirm le file éigin eile ar a bhfuil sé meáite ar aithris a dhéanamh.²¹ Ar mhaithe le léiriú beag a thabhairt ar an mórghnatháiste is féidir le stairí na litríochta a tharraingt as a leithéidí sin de chomharthaí aithrise a leanúint amach, dírim aird anseo ar mhacalla dá chineál ón marbhna seo againne le Séamas Mac Coitir atá le sonrú i ndán is déanaí ná é a chum a fhear gaoil Uilliam Ruadh Mac Coitir mar mharbhna ar dheartháir eile dó, Éamann, a fuair bás sa bhliain chéanna leis féin (1738). Dán gairid é dar tosach *Mo ghearán féin féachaidh gur doilbh an duain* (3 vv.).²² Tá sé ar ionannas rithime le haiste an dáin ón mbliain 1731 (an fhoirmle **3331** ag

¹⁸Tá miondeifreacha maidir le dáileadh na siollaí neamhaiceanta i gcéimeanna lasmuigh den chéim dheiridh (cD) neamhthábhachtach sa chomhthéacs comparáideach seo de bhrí gur minic a bhíonn mírialtachtaí i bhfoirm na n-amhrán tíre ó thaobh na prosóide (ag freagairt do ghluaiseacht an fhoinn) nach mbeadh glacadh leo i saothar na n-údar liteartha.

¹⁹*Seanachas Phádraig Í Chruaioi*, Seán Ó Cróinín a thóg síos, Donncha Ó Cróinín a chuir in eagar (Baile Átha Cliath, 1982), 186. Cf. Pádraig A. Breatnach, ‘Oral and written transmission of poetry in the eighteenth century’, *Eighteenth-Century Ireland* 2 (1987), 57–65, ar lch 59.

²⁰Tuairim is ceithre fichid samplaí san iomlán atá tugtha faoi deara agam ón dtréimhse.

²¹Do sholaoíd amháin atá in eagar sa tsraith seo feic Pádraig A. Breatnach, ‘Togha na hÉigse 1700–1800: 3. *A bhuime den bhród mhórdha ba rathamhail réim* (Úna Nic Cruitín)’, *Éigse* 28 (1999), 135–7 (ll. 1–4) (cúrsaí meadarachta pléite ar lgh 135–6).

²²Cóipeanna: RIA MS A iv 2 (27), 89b; 23 I 26 (413), 106; i gcló ag Ó Foghludha, *Cois na Cora*, uimh. 6; tá an t-eolas ar bhliain chumtha an dáin le baint as ceannscríbhinn a deir gur chuir an t-údar cóip ag triall ar Dhonnall Ó Duinnín áirithe, sagart, a bhí mar uachtarán ar cholaíste

gabháil leis), agus gan de dhifríochtaí meadarachta idir an dá dhéantús ach iad seo leanas: (i) *a* (gairid) a bheith mar ghuta aiceanta sa chéim thosaigh de mharbhna Éamainn Mhic Coitir; (ii) amas ingearach sa bhreis a bheith á iompar ag an dara siolla den chéim chéanna inti (*á* neamhaiceanta); agus (iii) *ua* seachas *ia* a bheith sa chéim dheireanach de dhán Uilliam Ruaidh, i bpatrún mar seo leanas:

($\cup$) | a á **é** | **é** $\cup$ $\cup$ | i/o $\cup$ $\cup$ | ua.²³

An ceangal

(ll. 49–52) ($\cup$) ú | i $\cup$ $\cup$ $\cup$ | i $\cup$ $\cup$ $\cup$ | ei $\cup$ | ia

Baineann an aiste mheadarachta sa véarsa ceangail le haicme ceithre béimeanna chomh maith, agus tá nasc foirmiúil coinnithe idir í agus aiste an phríomhthéacs sa siolla deiridh aiceanta (*ia*).

AN TRADISIÚN TÉACSÚIL

Lámhscríbhinní

RIA (Acadamh Ríoga na hÉireann):

- A iv 2 (27), 72b (Seán do Níadh, 1751–7) (A);
- 23 G 20 (211), 187 (Mícheál Óg Ó Longáin, 1792–5) (G);
- 23 G 20 (211), 311 (Mícheál Óg Ó Longáin, c. 1786–90/91) (H);
- 23 N 12 (488), 199 (Mícheál mac Peadair Uí Longáin, c. 1763) (N);
- 23 N 21 (976) (b), 245 (Sthiamus O Laochadh, 1759) (O).

Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad:

- M 4, 1 (Peadar Ó Longáin, 1818) (C);
- M 10, 354 (Eoghan Tóibín, 19ú haois) (D);
- M 12, 220 (Pól Ó Longáin, 1818) (E);
- B 11, 32 (Éadhmonn Ó Mathamhna, 1792–3) (B).

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh:

- Cnuasach Thorna T 85, 61 (Tadhg Ó Donnchadha, 1895) (T).

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath:

- UCD-OFM A 52, 63 (Eoghan Tóibín, 1818) (F).

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:

- G 430, 13 (Éadhmonn Ua Mathghamhna, 1781–96) (L).

Lámhscríbhinní na nÍosánach, Sráid Líosan, Baile Átha Cliath:

- IL 8, 79m (Seán Ó Dreda, 1824) (I).

Soláthraítear tuairisc ar léamha na lámhscríbhinní sna malairtí in ordú mar seo leanas: A, G, H, N, O, C, D, E, B, F, L, I, T.

na nÉireannach i gcathair Toulouse; tá fianaise ar an nDuinnéach seo (Daniel Dineen) a bheith i mbun an phoist úd idir 1738 agus 1746 (cf. L. W. B. Brockliss, Patrick Ferté, 'Prosopography of Irish clerics in the Universities of Paris and Toulouse, 1573–1792', *Archivum Hibernicum* 58 (2004), 7–166, ar lch 66).

²³Tá tagairt do mhacalla eile i ndán ar comhfhoirm sna nótaí téacsúla ag gabháil le l. 39 thíos; feic chomh maith an nóta ar l. 26.

Ceannscríbhinní

Is féidir leaganacha éagsúla den cheannscríbhinn a aithint. Sa leagan is giorra luaitear ainm an údair, ainm an mhairbh agus a dháta báis (CB). Faisnéis í sin ab fhéidir a bhaint as téacs an dáin féin. (Tá an cás céanna i gceist sa tagairt a deir ‘noch d’éag le bolgaigh’ in A (cf. l. 28).) Sna ceannscríbhinní eile luaitear pointí eolais de bhreis ar a dtugann an téacs féin uaidh, mar seo leanas: (i) ainm athair an mhairbh a bheith luaite sna ceannscríbhinní a ghabhann le ADFL (a ainm luaite agus scríosta amach in N); (ii) ainm na háite arb as don mharbh luaite i gcás AGHNODEFLIT (litriú botúnach in NI); (iii) an téarma ‘acrostic’ a bheith luaite leis an téacs sna ceannscríbhinní go léir seachas CB, ach is i bhfoirm frása, ‘a modh acrostic’, atá sé i gcás AGHOET (vs. NDFLI mar a bhfuil an focal ag seasamh ina aonar), agus tá gluais mhínithe ag gabháil leis an bhfrása sin i gcás GHET (‘ase a ainm tuigtear as (*al.* ar) cead leitríbh na rann’).

Grúpáil

Baineann na trí chóip is luaithe AON le lár an 18ú haois, i slí go bhfuil bearna suas le tríocha bliain idir iad agus dáta cumtha an téacs. Cóipeanna iad seo atá gan spleáchas lena chéile mar a thaispeáineann léamha as gach ceann faoi seach atá gan údarás eile leo (agus ar léamha earráideacha a bhformhór), .i. A (12, 20, 24, 30, 46); O (2, 13, 18, 22, 23, 39, 51); N (20, 25, 33, 34, 48). Ach maidir le téacs na cóipe is sine, A, tá tréithe áirithe ag baint leis ar dócha uathu gur giorra an chóip sin ná an chuid eile do scríbhinn a bhreac an t-údar. Ar an gcéad dul síos soláthraíonn A téacs slán i gcás l. 34 (‘gur fhág soin’) agus l. 17 (‘mbéilgheal’) atá ag freagairt do théacs lochtach sna cóipeanna eile, agus is ag A atá an léamh is fearr i gcás l. 39 (‘gléir tsaormhaicne Mogha’), feic na nótaí téacsúla. Lena chois sin tá roinnt mionúsáidí aimhrialta i gcúrsaí deilbhíochta agus litrithe ar fud an téacs a sholáthraíonn A (7, 17, 27, 39, 44; tá botún i gceist i gcás amháin, 44 ‘mBriain’, atá comhchoiteann ag AO), agus maraon leo an dá ghluais ar imeall leathanaigh atá tugtha ag an scríobhaí seo amháin (3, 34), a d’fhéadfadh dul siar chun an fhile féin (feic nótaí 3, 7, 17, 39, 44 faoi seach).

Baineann O le grúpa de chóipeanna ar déanaí iad ná é, GHCET, a bhfuil roinnt malairtí suaithinseacha comhchoiteann iontu (11, 20, 23, 30, 40, 52) maraon le léamha earráideacha eile (6, 15, 22, 27). Seasann C ar leataoibh ón ngrúpa le fo-bhotún (coigeartú sa cheannscríbhinn, 26, 27). Is cóip fhíor-lochtach a thugann scríobhaí E uaidh (dáta na ceannscríbhinne, 1, 3, 25, 36, 39 etc.). Tá foirm na ceannscríbhinne ar aon dul i gcás GHT, agus roinneann T fo-léamh suaithinseach eile le H (48), I (20), agus le E (3, 38). Tá rian na heagarthóireachta ar léamha ar leithligh in T (10, 27) ach tá léamha botúnacha dá cuid féin flúirseach inti (17, 21, 26, 28, 39 etc.).

Gabhann NI le chéile go rialta (11, 28, 35, 38, 41, 42, 44, 46), cé go seasann N ina aonar ar uairibh (botún sa cheannscríbhinn, 20, 25, 30, 34, 48), agus I mar an gcéanna (2, 6, 8, 10, 12, 34, 35, 45).

Grúpa so-aitheanta leis féin is ea DBFL (lámhscríbhinní le Eoghan Tóibín (DF) agus Éamann Ó Mathúna (BL) faoi seach), feic 27, 28, 30, 37, 38; ach ní

bhíonn an dá phéire ar aon dul i gcónaí (DF 21, DBF 26, ADL 47). Fianaise eile ar an ngaol idir na lámhscríbhinní seo is ea dhá théacs eile le Séamas Mac Coitir a bheith ag leanúint ar an dtéacs seo againne iontu (*Fáilte óm chroí le báb na milse*²⁴ agus *Cúig athchuinghe atá agam duit, a Sheáin, chun siubhail*)²⁵ agus na trí cinn san ordú céanna faoi seach.

Cuireadh na leaganacha go léir chun tairbhe do réir a gcáilíochta i gcomhair an eagráin seo.

²⁴Feic thuas lch 38.

²⁵I gcló ag Ó Foghludha, *Saothar Suadha* (Baile Átha Cliath, 1908), 36–7.

TÉACS

*Séamas Mac Coitir cct i modh acrostic ar bhás Taidhg mhic Conchubhair
Uí Bhriain Choille na Curra noch d'éag le bolgaigh 1731*

1. Tarla gné dhaoldatha d'fhoiligh gach rian
Um chláraibh réidhe raonghlana Chonaire ar dtiacht
Nach ráinig an cé céasta so a chosmhaile riamh
Amháin acht éag éindeise, Murchadh is Brian.

TRANSLATION

A chafer-like blackness that has hidden every path has descended about the smooth trail-marked plains of Conaire's land, the like of which never visited this cruel earth before except for the death of two alone, Murchadh and Brian (1–4).

MALAIRTÍ

Lámhscríbhinní: A, G, H, N, O, C, D, E, B, F, L, I, T (*eochair thuas, lch 43*)

Ceannscríbhinní Seamus Mac Coitir cct a modh acroistic air bhás Taidhg mhic Conchubhair Í Bhriain Choille na Curra noch d'éag le bolgaigh 1731, A; Seamus Mc Coitir iar néag Thadhaig Uí Bhriain Choille na Curra a modh acroistic oir ase a ainm tuigtear as cead leitríbh na rann san mbliadhain 1731 fuair Taidhg bás, GH; acroistic air bhás Conchubhair (*ceartaithe i lámh eile go Thaidhg*) Uí Bhriain Cille na cCuradh, Seamus Mc Coitir cct, N; Seamus Mac Coitir cc ar bhás Taidhg Í Bhriain Coille na Curra deag san mbliadhain 1731 a modh acrostic, O; Séamas Mac Coitir cct air bhás Thaidhg Uí (: Í, B) Bhriain 1731, CB; Seamus Mac Coitir cct acrostic air bhás Thaidhg mhic Conchubhair Uí Bhriain Choille na Curra, D; Séamus Mac Coitir cct air bhás Taidg Í Bhriain Coille na Curra a modh acroistic, óir asé ainm tuigtear as céadlitreachaib na rann, 1781 fuair bás, E; Seamus Mac Coitir cct acrostic air bhás Thaidhg mhic Conchubhair Uí Bhriain Choille na Churra, F; Séamus Mac Coitir cct. acrostic ar bhás Taidhg mhic Conchubhair Uí Bhriain Choille na Curra, L; Acroistic air bhás Thaidhg ui Bhriain Chéile na Curadh. Séamus Mac Coitir cct 1730, I; Seumas Mac Coitir ar bhás Thaidhg Uí Bhriain Coille na Curra i módh acroistigh óir is é a ainm tuigtear ar cheud litríbh na rann. San mbliadhain 1731 is eadh fuair Taidhg bás, T

Línte 18, 19 in áit a chéile, 31–2 in áit 27–8 (*i. faoi dhó*), 29–32, 33–6 in áit a chéile, E; 29–36 ar lár C; *tús na línte* 45, 47, 49, 50 *do-léite* N.

1 1 Tarla] la (*tús an fhocail caillte de bharr gearradh agus na litreacha atá fágtha scriosta amach agus 'tá' scríofa os a gcionn*) O: tálra CBT: tarladh DBF: Tádhg E (*sic*); ghné E; daol-. A: ghaol-D; -dhatha T; d'fuiligh G: d'fuiligh T: d'fuiligh C: dfoilic I; go (r.) I 2 uim ADL; réidh O: réigh CE: réighe *lss eile*; raonghlana O: raoghla E; co. ACD: choncubhair I; iar E; dtiaghacht A: tiaghacht N 3 ná I; ráine I: ráinidh A: ráinigh DBFLT: ráinidh *lss eile*; an] ann T; *Nóta ar an imeall*: cé .i. talamh no duthaigh, A; cú E; so] sa C: *ar lár* ET; co. I: cosamhail T 4 aoín-. GHCE; -dise AO: -déise T; Murchadh] murcha(i)dh G: muracha A: murchaidh D: mhurachadh C: mhurc(h)ughadh HE: mhurchadh O: moracha BL: Mhurcha I: murchaidh T; is] Uí T; bhrian H: bhriain GCOFIT: briain ED

2. Ar bhfáil na laoch léanaithe i ngoradh na ngliadh 5
 Gach ráth tug taom claonta 's do dhoirchigh an iath,
 Blátha craobh, céir, mil is torchartha iasc,
 Grán is tréad Éireann, do locadar siad.
3. D'fhás an scéimh chéanna go follas 'man bhfiadh 10
 Led bhás-sa, a ghéag ghléigeal de mhogall-choill Bhriain;
 Ní nár do chéile Éibhir an conchlann ciaigh,
 Gach lá dhod ré is léir gur ba cothrom tú is iad.
4. H'áras caol aonair, mo dhoilbheas dian 15
 Nach bánbhrog aolta aerach acht fothrach riabhach,
 Gan fáidhe séimhe, éigse, ná coigeadal cliar
 Ná táirdeal tréan saorfhlath fád toichim ag triall,

When those heroes were wounded in the smelting of battle every mound shook suddenly (?) and the earth darkened, the blossom of branches, bees' wax, honey, fish-produce, grain crops, and the herds of Ireland failed (5–8).

The same aspect manifested clearly about the land upon your death, o bright scion of the meshed woodland of Brian's kin; no shame is it that a matching bond of grieving affects Éibhear's spouse since truly you were their equal all the days of your life (9–12).

Your lonely narrow dwelling — alas for me! — is no bright airy castle but a dark cave without gentle scholars or poets or chime of clergy or steady procession of noble princes coming to visit you (13–16),

2 5 bhfaghail *lss*; léanaithe] léamaighthe E: leannaighthe F: leanaighthe *lss eile*; an goradh E: a ngoradh F; ngliaidh I 6 gan I; rádh GHOCE; thug T; chla. ADL; is (do) T; dhoirghthidh A: dhoirchidh O: dhoirichthigh DFL (ch i *lámh eile* L); iath OCE: iaith *lss eile*; 's do ... iath] is go dorchá an ghrian I 7 torachur A: tocharthe G 8 gránla I; éireand BL; siad] biadh I

3 9 dás E: dáil T; mun *lss*; bhfiadh ADL 10 lead bás sa (ghéag) C; gach rádh lead bhása E; sa *ar lár* I; a *ar lár* GE; ghleigil GHOCET: ghléigil I; mhogaill- C: mhoguil I: mogul T; -chaill GHE: -ca. C: chail (*scríofa os cionn* c: 'dh (?)') T; bhrian FI 11 sní NDLI; an: na NI; canachlann D: conachalann O: chonachlann I: conna-chlann T; ciaidh ADL: cia GHOCE: ciad N: ciadh I 12 dod CE: dhod *lss eile*; raé GEFI: réir A; is léir *ar lár* A; gur ba *eag*.] gur budh T: gur *badh lss eile* (*ach* I); tú GN: tu *lss eile*; gur thu comhthrom na ttriath I

4 13 háitreabh O; aoinfhir O: aonur L: aonar C: 'na aonur T; dholibhios ADNL; dáin CE: dhian T 14 aoldha T; aerach *eag*.] aearach A: aorach GHOCET: aighearach NDBL: aéreach I; fotharach ADLT 15 fáige O: faige L: fáighe T; sgéimhe GHOCET; coigidil ANDBLI: cogadal T; chliar ADFLI; 16 -fhath AL; fádhdh O: fd E; toicim GHCEF: thoichim O: thoicim DBFL: shoichim T

5. Gan gártha mbléidheadh mbéilgheal ná corn ag riar
Ná sáchrót saobh séisbhinn dob oirfid do thriath
Ná lámhach laoch léidmheach le fothram sciath
Ná stáideach éasca éadrom na mborbchón bhfiaigh. 20
6. Och! clár ceart saor t'éadain nár choirtithe ciar,
Do dhá rosc réidhe réalta ba gormghlas niamh,
Do bhráid 's do bhéal déidgheal mar chorcaraihb liag
In áras cré ag daolaibh, mo dhochar! mar bhia.
7. Barr do chraobh gclaen-ghleannach gcochaill-bhfionn bhfiar 25
Dár thálsad scao saorbhruinneall solasta a mian
'Na sámhchuilt fén bpéist nduibh chum codalta, is ciach!
Is gan d'ábhar lé a dhéanamh acht bolgach liath.

or clamour of bright-mouthed cups and goblets dispensing, or sweet melody of excellent harps giving royal entertainment, or the jousting of brave heroes and the clash of spears, or loose nimble steeds with fierce hounds of the hunt (17–20).

Alas! The fair noble surface of your forehead whose aspect never darkened, your two steady clear blue-grey eyes, your breast and your mouth with pearl-like bright teeth, (are) in a keep of clay, to my grief, as food for worms (21–4).

Your head of wavy full fair ruffled tresses over which a host of noble lustrous maidens lavished their affections are a quilt for black worms to sleep on — alas! — caused to be made only by the dark pox (25–8).

5 17 ghartha HE: gáirthe N; mbléigheadh A: bléideadh E: béighe T; mbéilgheal A: béilgeal C: béilghil T: béilgheal *lss eile*; corrann G: coirnn O: cornn BFL: coirn T 18 sár-] rár F; -chruit T; saor GHT: saob O: saora E; thriath AL dob ... thriath] ná oirfideadh a sians I 19 léadmhach GHIT; fóthorom A: fotharam DL 20 easga edrom N: neasg' neadtrom A: naosga éadrom GHOCET; mbrob- O: marb- D; -ccoin G; -chúl E; bhfiadhaidh N: fhiadhaigh DE: bhfiadh F: bhfiaghaidh BL: bhfiadhach IT

6 21 ceart *ar lár* DF; héadain O: th'eudain T; choirtithe DBFL: coirtighthe C choithighthe T: choirtighthe *lss eile*; cliar E 22 do] 'sdo GHCE: is O; réighe BLT: réigh GHOCET; raolta GHOCET: reulta T; budh *lss*; gorm- N: gho. *lss eile*; (ghorm) glas CEI 23 bhraighaidh ANCET: bhraighid G: bhraighaidh H: bhrágha O: bhrágh DBFL: bhráigh I; chorcaraihb] chorcar na GHC: chorcair na OE: corcar na T; liaig E 24 áras: 3 (?) E; chré T; dhochair T; bhiaigh A: bhiaidh L: bhia(dh) *lss eile*

7 25 na gcraobh T; gclaen-ghleannach] cclæn-. ADBFL: gclaon- GOCE: clæn- N: ghléanach I; gclaon ghealeannach E; ccochal- GDF: gcochal- IT; -fhionn NT; bhfeur T 26 thálsad GO: tháilsead AHNCL: talsad C: dháilsead DBF: thábfadh (?) E: tádhsald I: támhsat T; scao] sgaodh ABDL: sgaoth sláoth C: sgaoth *lss eile*; -bhruinneall AHNCL: mbruinneal G: bruingeall F: bhroinngheal I: bhruinneal T; a *ar lár* T; miann AN: ndian T 27 sámh-: uain C: shámh- I; -chuilc GHOC: chuilt (*scríofa os cionn* t: '(c ?)') T; fé an ADCLT; nduibh *ar lár* DBFL; chuinn N: chunn L; cho. O 28 dadhbhar *lss*; le I: féin T; bolagach ABL; liaith A: dhian NI: riabhach DBFL

8. Ráib na séad saolta do bhronnadh go fial
Nár ghráigh sin céim cléchlís ná sonnadh ar bith siar 30
Acht crábhadh, déirc, daonnacht is foirfeacht ria,
Áis is féile, aobhdhacht le foirtile is ciall.
9. Iar dtásc an scéil éignigh fán gconair do riacht
Níor fhág soin taobh Gaelach gan gonadh go grian
Go ndearna sé d'éachtmhaighibh oirir na bhfian 35
Árthach créacht créimnimhe is othras liach.
10. 'Ardmhac Dé daoradh mar chrochaire ar sliabh
Mar pháis san mhéid dhéineam-na d'olcaibh ar Dhia,
Cé bhásaigh gléir tsaormhaicne Mogha le cian
'Sé an t-ár so an lae dhéanaigh is dona fa-riar! 40

Bountiful champion bestower of worldly gifts who never leaned towards playing foul or making an oppressive thrust, but only towards piety, charity, humanity, and goodness to boot, faithfulness and generosity, cheer, valour and sound sense (29–32).

Once the report of the fatal news spread about, deep devastation affected every Gael such that it transformed the plains of the land of champions where feats were performed into a vessel of wounds of gnawing poison and searing ills (33–6).

O exalted God-Son condemned as a villain upon a hill to atone by (the) Passion for what we do of evil against God, though many a noble scion of Mogh's descendants has perished before now it is this recent day's destruction that is worst of all, alas! (37–40).

8 29 ráibh E; saoghalta lss; bhronna I: bhronnfadh T 30 nár ghrádhaidh sin A: nár bhfáil leis G: nár bháil(l) leis HOCET: ná gráidhfheadh NDBFLI; chlél-. GODBFLT; na ADLT; sonna ADLI 31 foirbhtheacht A: foirfeacht NFL; foirtille F; ria] sia I 32 aobhgacht O: aobhacht T; foirtille F

9 33 dtásc ar lár I; fá an A: fan E; eonar GT: eoninn N 34 níor] mona (nó níona?) C: nár D: ionar I; fhág soin A: fhagsat T: fhágsad lss eile; gonna G: gortughadh (focal deireanach doiléite) N; go i láimh eile L; ghrian E; go gonadh go grian T; Nóta san imeall tar éis grian: .i. grinníol, A; Gaelach ... grian] gaodhlaibh go goirtighthe dian I 35 ndéarnaidh AGIT: ndearna O: ndéarnagh N: ndearnúigh CBL; -mho. GH:- mhoghíbh E: mhoighthibh T: -mhu. lss eile; oiríor NI; bhfian BCEIL: bhfiann lss eile 36 créimnimhe eag.] créidhmnuighthe D: creidhmnuighthe F: creidmnime C: creidimh nímhe E: créim neimhe I: créimh-nímhe T: créidhmnimhe lss eile; othras eag.] otharais AL: othairis N: otharais IT: otharas D: ot(h)aru(i)s lss eile

10 37 -mhac AHNOCEI: -mhic GDBFLT; daoradh (scríofa os cionn r: 'n?') T; cro. N: chróchaire D; shl. T 38 mé. GNE: méud I: mheud T; dhéiniomna A: dhéanamna GHOC: déigíon ná N: dhéin(n)ghiomna DBFL: déanam na ET: d'éigíon nó I; air I; Dhia] fhiar N: fiar I: dia T 39 bhásaigh] bhásaidh AL: casaig E; gléir] go léir T; saor-. O: t'shaor- T; Mogha A: í Mo. H: i mogha T: í Mhogha lss eile; cia O 40 sé ár an lae (: lá C: lé E) dhéanaigsi GHOC: Is ár an lae dhéighionaigh T; dheaghnaigsi CE: dhéighionaigh F: dhéighionuidh L; is: ar lár C: as lss eile; fá-GELI

11. Iar dtámh don tréad éigeas do ghoilfeadh 'na dhiaidh
'S nach ránga féin aosta ná foilcithe i sians,
Cá beag é ar aon chor de mholadh air ná hiarr
Acht a fhás de phréimh réimchliste mbrollaigh Í Bhriain.
12. Ná cráigh an té ghéarchuir an osna so im chliabh, 45
A bhláth an tséin d'aomh teacht dár bhfortacht ón ndiabhal,
Táid seacht gcéad déag ann, trí coda agus bliain,
Acht fáiltigh é id aontaidh gan fothragadh fiach.

An ceangal

13. Cúis dhoilbhis ag pobailibh nach leighiseann liaigh 50
Plúr oirdheirc ghuirt Oiliolla go domhain i gcraidh,
Cnú chobhartha na boichtine le Tadhg Ó Briain;
An chúirt shoilbhir dá shochar soin go bhfaghaidh ó Dhia!

Now that the troop of poets who might weep after him has fallen silent and that I myself am neither old nor bathed in (their) craft, ask not for praise upon him, however small though it be, but only that he sprang from the foremost stock of Ó Briain of skilled feats (41–4).

Do not torment the one who implanted this bitter sorrow in my side, o flower of joy who deigned to come to redeem us from the devil seventeen hundred and thirty-one years ago, but bid him welcome into your fellowship without immersion of penalties (45–8).

It is a cause of sorrow to the people which no surgeon can heal that the noble flower of the land of Ireland is buried deep in the clay with Tadhg Ó Briain, succour of the poor; may he obtain the serene court as a reward for it from God (49–52).

11 41 ttáimh NI; dhon AO: de'n I; éigis GT: éag is E; do gonadh T; dhiag H 42 nách lss; ránga HOE: rángadh ADBFL: ránadh G: ráinagh N: rán ga C: ráinic I: ráinigh T; foilcithe NL: foilciththe I: foilcighthe lss eile; i] a lss; ccial NI 43 cé CD; beadh E; air lss; do lss; mhola GI; ar L; na A; thiacht T 44 a ar lár ANODLI; de T: do lss eile; phreumh T; réimhclisde C: réimhchlíde E: shéimhchliste T; bro. G: bhro. NI: mbrollach T; ui I: ua T; mbriain AO: briain NC: bhrian E: mbrian T

12 45 Nar I; cráidhidh A: chráig N: cráig GFL: chrádhaic I; am lss 46 bhláith HNEI; d'aomh te.] d'aontuigh T; dár] ár T; bhfortachtna GOCET: bhfolach NI; ó ndiabhal A: ó phian NI: ó'n Diabhal T 47 atáid GDBFIL: táid H; ann] an HEC: ar lár T; tríochad I; et H: is IT; bliaghuin I; Nóta san imeall: 1731, ADBL 48 fáiltidh A; id aontaidh] a taontaigh ADBFL: áontaigh GCEI: aontoigh H: ataonta N: ad aontoigh O: od aen-tigh T; sothragadh HT; sgo soice do riar N; leanann amen, A; an ceangail DF: an feartlaoi HCET

13 49 doilbhis GC; pobailibh O: poibilibh ACBDL: poipilibh E: pobalaibh I: pobalaibh T; noch G; léigheas an G: léighisíon FI: leighisfeadh T; liaig AOEF: liag GHC: liagh I; 50 oirdhirc A: oirdiric L: oirdhearc E; gho. I: -gu. T; oilliolla AI: oililla BL: oilliola T; domhaing A: doimhin G: dóimhin N: doimhin(n) OCEIT: domhuinn BL; a lss; ccriadh GNT 51 cnó HE; co. CET; boichtin(n)e AGDBL: bochtainíocht O: bochtain(n)e HCEIT; ua OT; brian G 52 cúirt T; shoilibhir A: tsoilibhir NDFLI: sholusda GHOCET; do E; shoc(h)arsan GCBDFLT: shochar sin O: so charsan E: shocharson I; bhfaghaidh GCOI: bhfágaidh A: bhfaighidh NDBFL: bhfaghadh E: bhfag(h)aidh lss eile; Leanann amen, AG: críoch FL: críoch. T. Ua Donnchadha 3/12-1895 T

NÓTAÍ TÉACSÚLA

1 *Tarla* Nós léannta é gan séimhiú a thaispeáint ar *t* tosaigh i gcás briathra a bhfuil an consan sin iontu ag dul siar go mír neamhaiceanta (*do-rála/-tarla*, aimsir chaite 3 u.; cf. l. 6 *tug*); tá *t* riachtanach mar thúsleitir don acrostic anseo. Dar ndóigh tá an tseanfhoirm le guta gairid aiceanta bun os cionn leis an bhfoirm le guta aiceanta fada (*á*) a theastaíonn de ghrá na meadarachta agus atá ar taispeáint i lámhscríbhinní áirithe.

2 *réidhe raonghlana* Tá an uaim mar ornáid i bhformhór na línte.

3 *ráinig (an cé)* Tugann litriú na foirme briathartha (aimsir chaite 3 u. < *rigim*) siolla thar mar a theastaíonn; fuaime ‘ráin(e)’ (*sic* I) atá ag teastáil sa chéim mheadarachta. Faightear an fhoirm *ráine* sa phrós, e.g. *do/ní/go ráine* in Breandán Ó Conchúir (eag.), *Corraghliocas na mBan* (Baile Átha Cliath, 1991), 178–9. Tá an fabht céanna a thugann an litriú stairiúil sa líne againne tugtha faoi deara agam san fhilíocht, e.g. Diarmaid Ó Muirthe (eag.), *Cois an Ghaorthaidh* (Baile Átha Cliath, 1987), uimh. 14, l. 5 *ráinig an réilt(eann)* ar gá mar fhuaimniú air *ráin’ an réilteann* (ag freagairt do *tráchtfad féin, áille gné, cáil is tréith(e)* etc.); cuir i gcomparáid do *tháini’* in ‘nó, an bhean do tháini’ ’on Traoi, / tug d’Aichil bás i mbruidhin’ (Torna (eag.), *Seán na Ráithíneach*, uimh. 66, ll. 37–8), agus ‘Acht aitchim an tÁrdmhac, tháinigh ó phéinn an chrainn (: (i) mbeárnain bhaoghail chun gnímh)’ *ibid.*, uimh. 147, l. 43); mar an gcéanna i gcás *Fáilte óm chroí le báb na milse*, ll. 9–10 (Breatnach, ‘Dhá dhuain leanbaíochta’, 114), mar a bhfuil ‘táinig (: ‘táinigh/táinidh’ sna lámhscríbhinní (gan lua san eagrán)) an macaomh’) ag freagairt do ‘meán an Aibreín’/‘d’fhás den phailmhéig’. (Feic thíos n. 42 *ránga*.)

an cé céasta Tá an nóta gluaise a ghabhann leis an bhfrása seo in A ag leanúint Shanasáin Uí Chléirigh, s.v. cé ‘i. talamh’ (cf. *DIL* s.v. 1. *cé* 94: 25–30); d’fhéadfadh sé go raibh an ghluais i scríbhinn an údair (cf. an réamhrá ar lch 44). Cf. l. 34 (v.l.).

a chosmhaile An séimhiú tosaigh ag tagairt don ‘daoldath’ (l. 1).

4 *Murchadh is Brian* Thit Brian Bóroimhe agus a mhac Murchadh i gCath Chluain Tarbh. Tá foirm ghinideach ag na hainmneacha in úsáid chomhaisnéiseach i mbeagán cóipeanna.

5 *Ar Bíonn* feidhm á chomhlíonadh go minic san *acrostic* ag túsleitir focail a bhíonn mar *anacrusis* sa líne i dtosach an véarsa (ll. 17 ‘Gan’, 21 ‘Och’, 33, 41 ‘Iar’, 45 ‘Ná’); feic thíos n. 13.

6 *Gach ráth tug taom claonta* Tá an fhoclaíocht deacair a shocrú agus a chiallú. Ós é an ‘pathetic fallacy’ atá mar chomhthéacs leis an gcaint san dá véarsa thosaigh (doircheacht na dúthaí máguaird agus teip ar an ndúlra) áirímh gur *ráth* ‘mound’ is dóichí atá i gceist le hainmní an bhr. *tug* seachas *rádh* ‘utterance’ mar atá i roinnt cóipeanna; is brí mheafarach atá le *tug taom claonta* (br. + cuspóir), ní foláir, ag tagairt do chorraí éigin mínádúrtha a baineadh den talamh de bharr urú na gréine (cf. *do dhoirchigh an iath*); aistr. ‘every mound shook suddenly’. Tá séimhiú mírialta ar an aidiacht in ADL (‘chlaonta’).

7 *torchartha* ‘valuables cast up by the sea’ (*DIL* s.v. *turchairthe*). Sa riocht *turchuirthe torchorthe* atá an cnuasainm iolra seo in *IGT* ii §97 (caol

don dara carn consan faoi seach), agus an sampla *tromcaithme* : *torcuirthe* luaite (89); ach is í an fhoirm seo againne atá le fáil sa leathrann *an talamh gona thorthaibh / an tonn gona torchorthoibh* (*Lámh dhearg Éirionn Aoibh Eathach* r. 36cd, Leabhar Uí Chonchubhair Dhoinn, fol. 269r) (díol spéise is ea an litriú ‘torcharrthe’ G). Bíonn teacht ar fhoirm uatha an ainmfhocail i bhfoinsí déanacha, cf. *turchar* (Niall Ó Dónaill, *Foclóir Gaeilge-Béarla* (Baile Átha Cliath, 1997), s.v.; Ed. O’Reilly, *An Irish-English Dictionary* (Dublin, 1821), s.v., etc.); dá réir sin d’fhéadfadh sé go raibh an fhoirm ‘torachur’ (A) (an guta cúnta marcálta) i scríbhinn an údair.

11 *conchlann* ‘comórtas’; tagairt don iomaíocht idir brón na tíre i ndiaidh Thaidhg agus a brón i ndiaidh na seanlaochra a luadh i l. 4.

12 *gur ba* Tá dhá eilimint na foirme seo (*go* + copail chaite 3 u.) scartha ó chéile sna lámhscríbhinní (‘*gur badh*’) agus an ghné chopaille fágtha gan séimhiú iontu (le *gurbha* a bheadh coinne), ach is áirithe go dtéann an fhoirm scríofa sa chás seo siar go scríbhinn an údair. Cuir i gcomparáid ‘taidhbsíghthear dom *gur ba* (LS *badh*) iontugtha etc.’ i nóta ón LS G 430 (lch. 66) i gcló in Breatnach, ‘*Mo léansa an galar so*’, 19. Ar an dtaobh eile tá crot nádúrtha ar an leagan cainte atá ag freagairt don bhfrása trí chéile in I, viz. ‘gur thu comhthrom na ttriath’.

13 *H’áras* Tá feidhm san *acrostic* leis an litir h’ (= t(h)) sa chás seo; maidir le nósanna litrithe eile san *acrostic* feic na nótaí thuas ll. 1, 5, agus cf. Breatnach, ‘*Mairg do chuala marbh a tuairisc*’, 117 n. 15, agus Torna, *Seán na Ráithíneach*, lch. 425 (uimh. 147).

16 *fád toichim* ‘ag dul i do threo’; *toichim* ‘going, departing’, O’Reilly, *An Irish-English dictionary* s.v.; ‘walking, marching’, P. S. Dinneen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* (Dublin, 1927) s.v.; ‘(Act of) proceeding’, Ó Dónaill, *Foclóir Gaeilge-Béarla* s.v. Úsáid liteartha a bhaineann leis an bhfocal do réir Uí Dhónaill; tá samplaí gann.

17 *gártha mbléidheadh mbéilgheal* Sampla de shórt analaigh léannta seanbhunaithe is ea an t-urú ar an ainmfhocal anseo (cf. Breatnach, ‘*Mo léansa an galar so*’, 20 n. 24) a d’fhéadfadh dul siar go dtí leagan an údair cé nach bhfuil sé le fáil ach in A amháin. Féach go bhfuil an t-urú a theastaíonn ar an aidiacht ar lorg an ghinidigh iolra in easnamh i mbotún sna lámhscríbhinní go léir lasmuigh de A. Maidir le húsáidí uraithe aimhrialta eile feic an nóta a leanann thíos, maraon le ll. 25 n., 44 n.

stáideach éasca éadrom Tá a rian ar fhoirm na n-aidiachtaí in A (‘neasg’ neadtrom’) gur tuigeadh don scríobhaí an t-ainmfhocal a bheith sa ghinideach iolra.

22 *ba gormghlas* Tá séimhiú ar an túsconsan i ndiaidh na copaille sna cóipeanna go léir ach N, ach fágaim ar lár anseo é i bhfianaise an ghnáthnóis liteartha sa tsampla i l. 12. Tugtar faoi deara nach mar chomhfhocal atá na haidiachtaí *gorm glas* scríofa i gcóipeanna áirithe.

22 *réalta* ‘clear, visible’ (Dinneen, *Foclóir Gaeilge-Béarla* s.v.).

23 *mar chorcaraibh liag* Crotal na gclóch atá i gceist.

25 *gclaen-ghleannach* Leanaim nós litrithe na lámhscríbhinní sa chéad eilimint den chomhfhocal aidiachtach (an défhoghar *ae* in áit *ao* sna malairtí) a

thugann le fios gur chóir an consan deiridh de a léamh mar n caol ar bhonn sandhi, ach fuaim *é* (in ait *aoi*) a bheith ag an nguta. Bíonn nós na scríobhaithe mí-shocair sna cúrsaí seo; feic an nóta a leanann.

gcochail-bhfionn Chomhfocal aidiachtach; tá an t-urú i dtús an dara comhchuid de (formhór na gcóipeanna) aimhrialta agus le míniú ar bhonn analaigh leis an urú tosaigh i suíomh an ghinidigh iolra (cuir i gcomparáid ‘sgaodh saor mbruinneall’, l. 26, v.l. G). Do nós gaolmhar feic leithéidí (*bruinneall*) na *n-úirgcíoch*; (*bruinneall* (*sic*)) na *mbáingcíoch* (Breatnach, ‘*Mairg do chuala marbh a tuairisc*’, 117, l. 6 n. agus 119, l. 71 n. faoi seach), (*búirtheach*) na *gcúig gcúige* (ibid., 119 n. 93). Tá tacaíocht láidir le caoile an chonsain deiridh den eilimint tosaigh den chomhfocal sna lámhscríbhinní sa chás seo (v.l.).

26 *scao saorbhruinneall* D’fhéadfadh macalla a bheith i gceist ó línte i ndán le hAogán Ó Raithile atá ar chomhaiste (ach ar mhalairt chomhfhuaimne), viz. *Maidin sul smaoin Títan a chosa do luaill* (P. S. Dinneen agus Tadhg O’Donoghue (eag.), *Dánta Aodhagáin Uí Rathaille* (London 1911), uimh. V), l. 3 ‘Tarrastar linn scaoith bhrúinneall soilbhir suaírc’, l. 11 ‘Leanastar linn scaoith na mban gcochall go Tuamhain’ (lch. 23). Do nósanna litrithe an fhocail *scao* (scaí scaeth scaith sgáoi) cf. *DIL* s.v. *scaí*.

27 *-chuilt* ‘quilt’; ní fhéadaim míniú a thabhairt ar an malairt ‘sámhchuilt’ atá ag roinnt cóipeanna.

fén Tá an litriú ‘fé an’ (A) eisceachtúil; cf. l. 33 (v.l.) ‘fá an’ sa LS chéanna.

28 *lé .i.* le (fad ar an nguta de ghrá meadarachta).

30 *nár ghráigh sin* D’oirfeadh gach léamh de na léamha éagsúla sa chomhthéacs. Tá an úsáid aistagrach den fhorainm taispeántach a léiríonn A le fáil arís i l. 34.

31 *ria* Foirm chlasaiceach den fhorainm réamhfhoclach (< *rē*) = léi.

32 *féile ... foirtile* Cf. ‘Tárla foirtile fos is fírfhéile’ (John C. MacErlean (eag.), *Duanaire Dháibhídh Uí Bhruadair: The Poems of David Ó Bruadair*, 3 iml., ITS 11, 13, 18 (London, 1910–17), ii, 166); ‘Ciall is foirtille forus is féile ar geall’ (Torna, *Seán na Ráithíneach*, uimh. 146, líne 9).

34 *níor fhág soin* An léamh is fearr (A), mar ní oireann an fhoirm bhriathartha iolra atá sna cóipeanna eile (‘níor fhágsad’, ‘mona fhágsad’, ‘nár fhágsad’) sa chomhthéacs.

grian Tá an nóta gluaise a ghabhann leis an bhfocal in A ag leanúint Shanasáin Uí Chléirigh, s.v. *grían* ‘.i. grinneall mara, locha no abhann’ (cf. *DIL* s.v. 158: 72–3); cf. nóta ar l. 3.

37 *’Ardmhac Dé* Thabharfadh fianaise na LSS le tuiscint gur foirm ainmneach seachas ghairmeach (*-mhac* seachas *-mhic*) a bhí i scríbhinn an údair (dá mba *-mhic* a bheadh ann bheadh caolú déanta ar an gcéad eilimint go *Aird-*); ní féidir a bheith lánsiúrálta ón gcomhthéacs gur ag cur forráin ar *Mac Dé* atáthar anso (mar atá ó l. 45 ar aghaidh), ach níl bac ar ghlacadh leis an ainmneach i mbrí ghairmeach ar fhianaise ó ghnáthúsáidí meafaracha áirithe (*a rún*, *a stór* etc.) (cf. ‘Árd-Mhac Muire ler fuilngeadh céasadh ... tabhair cumas do Ghaedhlaibh’, Ó Foghludha, *Cois na Cora*, 41, l. 333). Ní cúis iontais go mbeadh an mhír ar lár roimh ghuta san acrostic (cf. Breatnach, ‘*Mairg*

do chuala marbh a tuairisc’, 110, l. 33, *A airdrí*, agus na malairtí ag freagairt dó).

39 *gléir tsaormhaicne Mogha* Do shliocht Eoghain Mhóir (*alias* Mogh Nuad, mac Mogha Néid), óna n-ainmnítear Leath Mogha (Leath an Deiscirt) an tagairt. Áirím gur ag A atá an léamh is barántúla (‘Mogha’ in áit ‘í M(h)ogha’ sna cóipeanna eile), cé nach bhfuil locht ar an malairt ó thaobh meadarachta de agus sa mhéid gurbh fhéidir ‘í Mhogha’ a ghlacadh mar thagairt do shliocht Mogha Néid, seachas do shliocht a mhic sa chomhthéacs; ach cuir i gcomparáid an leagan cainte ‘sliocht Mogha’ i dtúsline dain le hEoghan Ó Méirín (d’Éamann do Barra, an gabha) *Do thaistealas gléir aolbhailte an tsleachta san Mhogha (sic)* (Risteárd Ó Foghludha (eag.), *Eoghan an Mhéirín Mac Carrthaigh 1691–1756* (Baile Átha Cliath, 1938), uimh. 13 (3 v.)); dar ndóigh, d’fhéadfadh go bhfuil macalla i gceist idir an líne seo againne agus caint Eoghain an Mhéirín (gan dáta) ón uair go bhfuil an dá dhán ar chomhaiste agus an chomhfhuaim chéanna iontu, agus de bhrí gur focal léannta acu araon é *gléir*. Tá *gléir* mar ainm teibí ag Ó Cléirigh (‘glér gléir .i. togha’); is coitianta d’fhoirm *gléire* (cf. ‘gléire ár gclú’, Torna, *Seán na Ráithíneach*, uimh. 147, l. 58). Ligim don litriú ‘ts’ i dtosach ‘*tsaormhaicne*’ seasamh ar an dtuiscint gurb é a bhí ag an údar ós mar sin atá sna cóipeanna go léir; is féidir é a áireamh mar sholaid de sheanúsáid mós coitianta ag freagairt do s séimh (‘ts’ = sh), cf. Brian Ó Cuív, ‘The linguistic training of the mediaeval Irish poet’, *Celtica* 10 (1973), 114–40 (125 n. 28 (2)). Samplaí eile: Ó Foghludha, *Cois na Cora*, 38, ll. 245, 259, 266, 272; agus feic thíos l. 52, v.l. ‘tsoilbhir’.

41–42 Mar atá luaite sa réamhrá (lgh 39–40) tá caint an fhile sna línte seo ar a chúrsaí aoise agus a chéim oiliúna le cur i gcosúlacht le cainteanna i ndánta eile a bhfuil Séamas Mac Coitir luaite mar údar leo, viz. *Mo léansa an galar so shearg mé i sírghéibheann*, ll. 45–6 ‘Seo an t-éacht óm dhearcaibh tug sratha dá sírbhréagadh / is — cé gur leanbh mé — fairbre im chrínéadan’ (Breatnach, ‘*Mo léan-sa an galar so*’, 15) (tá sé ráite sna ceannscríbhinní a ghabhann leis an dán céanna gur ‘san 17adh bliadhain dá aois’ a bhí an file nuair a chum sé é, *ibid.*, 13); agus *Mo ghearán glacaidh is measaidh ar méad mo liach*, l. 7 ‘Dreatháir m’athar do chailleas, is é mo phian! / fear dhá maireadh do ghlanfadh mé i n-éifeacht sians’ (RIA A iv 2, 73b, i gcló ag Ó Foghludha, *Cois na Cora*, 75, cf. thuas lch 42).

42 *ránga* Aimsir chaite 1 u., foirm tháite < *rigim* (cf. l. 3 n.).

foilciithe i sians Seanmheafar ag baint le traenáil an fhile is ea an tagairt d’fholcadh, e.g. ‘Gan teimheal do folcadh i dtobar na Naoi mBéithe’ (Pádraig Ua Duinnín (eag.), *Amhráin Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin* (Baile Átha Cliath, 1907), l. 1708), ‘Riamh do chothuigh ó foilceadh le cléir a cheann’ (Torna, *Seán na Ráithíneach*, uimh. 146, l. 12).

43 *cá* An t-aiceann meadarachta ar an mír cheisteach; cuir i gcomparáid a leithéid ag Dáibhí Ó Bruadair, ‘is uras é dham cé beag aoinfheoirilinn’ (— | u — | é — | é — í | ó —) (MacErlean, *Duanaire Dháibhídh Uí Bhruadair*, iii, p. 12, l. 1), agus feic ‘cé’ mar mhalairt ar ‘cá’ sna malairtí (CD).

ná hiarr Is deacair a rá an bhfuil an chaint dírithe ar Mhac Dé nó ar an léitheoir anseo (cf. l. 37 n.).

44 *de phréimh réimchliste mbrollaigh Í Bhriain* Tá an t-urú tosaigh aimhri-alta in *mbrollaigh* (formhór na LSS) le háireamh mar cheann de ghrúpa beag d'úsáidí d'athrú tosaigh sa dán atá bun os cionn le gnáthrialacha deilbhíochta agus ar dócha go dtéann cuid díobh siar go scríbhinn an údair (cf. 17 n., 25 n.); ó thaobh brí an ainmfhocail sa chomhthéacs de (cf. *DIL* s.v. *brollach* (c) 200.27–31), d'fhéadfadh sé go bhfuil macalla i gceist ó líne sa seandán *Maicni Echach ard a ngle* le Flann mac Lonáin sa Leabhar Laighneach, viz. 'Brian ar Banba brollach' (*LL* I. 19437) ('Brian, defender of Banba' ag tagairt do Bhrian Bóroimhe?). Maidir leis an sampla d'urú botúnach ar an bhfocal 'mBriain' sa líne seo (in AO amháin), is é is dócha gur claonadh scríobhaí (cf. I. 17 n.) is bun cúise leis agus leanaim na lámhscríbhinní eile sa chás sin.

47 *trí coda* Briseadh bunaithe ar shanasaíocht neamhstairiúil den fhocal *tríochad* is bun le húsáid *cuid* anseo (cf. 'tríochad' I); níl samplaí eile buailte liom.

48 *aontaidh* < SGh. *óentu* (bain., d-ghas) 'unity, fellowship'.

GIORRÚCHÁN

RIA Cat. T. F. O'Rahilly, K. Mulchrone et al., *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, fasc. I–XXVII, index I–II (Dublin and London, 1926–58); T. Ó Concheanainn, fasc. XXVIII (Dublin, 1970)

PÁDRAIG A. BREATNACH

Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath